



An Bhruiséil, 12 Nollaig 2016  
(OR. en)

14964/16

COAFR 304  
CFSP/PESC 966  
RELEX 1000  
COHAFA 74  
COHOM 154

### TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 12 Nollaig 2016

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 14962/16  
roimhe seo:

---

Ábhar: An tSúdáin Theas  
- Conclúidí na Comhairle (12 Nollaig 2016)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir leis an tSúdáin Theas, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3510ú cruinniú dá cuid a réachtáladh ar an 12 Nollaig 2016.

**Conclúidí na Comhairle maidir leis an tSúdáin Theas**

1. Ní féidir leis an Aontas Eorpach an méid atá ag titim amach sa tSúdáin Theas a sheasamh. Thug Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe focal na faire go bhfuil an tSúdáin Theas ar bhruach na haibhéise agus go bhféadfadh tubaiste a bheith romhainn. Thug Comhairleoir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Cinedhíothú a Chosc rabhadh go bhfuil foréigean ag dul in olcas ó thaobh cúrsaí eitneachais agus go bhféadfadh cinedhíothú a bheith romhainn. Ós rud é go bhfuil tuilleadh feachtas míleata beartaithe ar gach taobh i dtús an tséasúir thirim, is beag am atá fágtha chun teacht ar réiteach. Tá deis dheireanach anois ag ceannairí polaitiúla agus míleata chun a chinntiú nach rachfar chun cogaidh, nach mbeidh a muintir thíos leis agus chun réiteach polaitiúil atá cothrom cuimsitheach a fháil ar a gcuid difríochtaí. Iarrann an tAontas ar na páirtithe ar fad a gcuid arm a chaitheamh uathu agus bearta deimhneacha a dhéanamh chun deireadh a chur le foréigean.
2. Tá méadú ag teacht ar raon feidhme agus déine an chomhraic idir an tArm um Shaoirse Phobal na Súdáine, an tArm um Shaoirse Phobal na Súdáine de chuid an Fhreasúra agus grúpaí armtha; Tá an baol ann go bhfuil ilroinnt iomlán i ndán don tSúdáin Theas. Tá gníomhartha uafásacha foréigin á ndéanamh i roinnt mhaith codanna den tír agus is minic gur cúiseanna eitneacha atá leo; tá saoránaigh á marú agus á bhallbhascadh, tá siad ar an ngorta agus á n-éigniú agus tá cineálacha eile foréigin ghnéasaigh á ndéanamh, tá earcaíocht á déanamh, tá leas á bhaint as saighdiúirí linbh agus tá scoileanna, ospidéal agus oibríthe daonnúla faoi ionsaí. Tá foréigean gnéasach agus foréigean inscne á n-úsáid arís agus arís eile mar arm cogaidh. Tá fuath eitneach á spreagadh de dheasca caint ghríosaitheach ón rialtas agus ó lucht an fhreasúra araon. Tá Rialtas Idirthréimhseach na hAontachta Náisiúnta ag cur srian mór ar shaoirsí bunúsacha chomh maith le brú seasta ar an tsochaí shibhialta agus ar na meáin. Iarrann an tAontas ar an Rialtas Idirthréimhseach a fhreagracht a ghlacadh chun saoránaigh a chosaint agus iarrann sé ar na páirtithe go léir cloí go dlúth lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus deireadh a chur le sárúithe ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta sa tSúdáin Theas.

3. Ní raibh cúrsaí daonnúla riamh chomh dona céanna sa tír ó bhain sí neamhspleáchas amach cúig bliana ó shin. Meastar go bhfuil cúnaimh daonnúil de dhíth ar thimpeall sé mhilliún duine. Lorg beagnach milliún go leith dídeanaí cosaint i dtíortha comharsanachta, agus tá na mílte daoine fós á lorg gach uile lá, rud a chuireann brú as cuimse ar acmhainní agus ar dhálaí maireachtála i dtíortha óstacha. Tá nach mór dhá mhilliún duine easáitithe ina dtír féin, agus is minic a mhaireann siad in anchaoi nó i suíomhanna um chosaint saoránach de chuid na Náisiún Aontaithe, atá fós i mbaol mór ionsaithe; ní mór ligean do Mhisean na Náisiún Aontaithe i bPoblacht na Súdáine Theas (UNMISS) a shainordú a fheidhmiú i ndáil le saoránaigh a chosaint gan chosc gan cheangal. Tá bac fós á chur ar oibríochtaí daonnúla de dheasca srianta ar rochtain agus foréigin. Ó thús na coinbhleachta i mí na Nollag 2013 i leith, maraíodh seacht n-oibrí dhaonnúla is seasca; is mór an t-údar imní é an méadú atá ag teacht ar shrianta ar rochtain dhaonnúil. Tá ganntanas bia ag bagairt ar bheagnach cúig mhilliún duine. Tá gorta á thuar mura dtabharfar cúnaimh daonnúil do dhaoine atá ina ghátar. Tá an ghéarchéim dhaonnúil ag géarú de dheasca staid eacnamaíoch thubaisteach na Súdáine Theas. Áitíonn an tAontas ar gach páirtí a cheadú go gcuirfí cúnaimh daonnúil iomlán ar fáil ar bhealach slán, gan bhacainn, dóibh siúd ar fad atá i ngátar, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus go n-éascófaí dáileadh an chúnamh sin. Tá ríthábhacht leis sin chun beatha daoine a shábháil. Tá cúnaimh nach beag daonnúil tugtha ag an Aontas don tSúdáin Theas agus do thíortha comharsanachta a bhfuil fáilte mhór á cur acu roimh dhaoine atá ag éalú ó fhoréigean; agus leanfaidh an tAontas den mhéid sin.
4. Ní fhéadfadh réiteach míleata a fháil ar na deighiltí sa tSúdáin Theas. Iarrann an tAontas ar gach páirtí cloí leis an sos cogaidh go huile agus go hiomlán agus aon chaint atá dírithe ar ghríosú fuatha eitnigh a shéanadh. Ní mór ligean do UNMISS a shainordú a fheidhmiú go hiomlán agus gan chosc. Ní mór an Fórsa Réigiúnach Cosanta a bhunú agus a imscaradh go gasta, faoi mar a údaraítear i Rún 2304 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA). Ní mór gach páirtí a thabhairt isteach i bpróiseas polaitiúil cuimsitheach, bunaithe ar an gComhaontú maidir le Réiteach na Coinbhleachta, 2015. Ní mór do Rialtas Idirthréimhseach na hAontachta Náisiúnta na gealltanais a tugadh sa ráiteas comhpháirteach a eisíodh le Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán agus láithreach.

5. Áitíonn an tAontas ar na páirtithe uile sa tSúdáin Theas oibriú ar bhealach práinneach cuiditheach leis na Náisiúin Aontaithe, Údarás Idir-rialtasach Forbartha (IGAD) agus a pháirtithe idirnáisiúnta (IGAD Plus), an tAontas Afracach agus an Coimisiún Comhphárteach Faireacháin agus Meastóireachta chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim. Leanfaidh an tAontas dá thrádbhac ar airm a fhorfheidhmiú agus áitíonn sé ar Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe trádbhac ar airm de chuid na Náisiúin Aontaithe a fhorchur. Ba cheart do thíortha an réigiúin agus don phobal idirnáisiúnta gach iarracht is féidir a dhéanamh i ndáil leis an méid sin. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé réidh le bearta sriantacha uathrialacha breise a fhorchur i gcoinne aon duine a chuirfidh cosc ar phróiseas na síochána agus ar a institiúidí cur chun feidhme, i gcoinne aon duine a chuirfidh bac ar UNMISS i bhfeidhmiú a shainordaithe, a chuirfidh cosc ar ghníomhaithe a ndualgais dhaonnúla a fheidhmiú, a ghríosóidh fuath eitneach nó a ordóidh nó a dhéanfaidh ainghníomhartha in aghaidh sibhialtach. Iarrann an tAontas ar an Aontas Afracach bogadh ar aghaidh a luaithe is féidir le cur chun feidhme bhearta an cheartais agus na cuntasachta dá ndéantar foráil sa Chomhaontú maidir le Réiteach na Coinbhleachta, 2015, go háirithe bunú Chúirt Hibrideach na Súdáine Theas, agus cuireann sé in iúl go dtacóidh sé le hiarrachtaí chun a áirithiú go dtabharfar aon duine chun cuntais os comhair cúirte má ordaíonn sé nó sí nó má dhéanann sé nó sí gníomhartha coiriúla foréigin de shárú ar an dlí idirnáisiúnta nó dlí ábhartha na Súdáine Theas.